**Nóta Faisnéise SD 0001/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna Aitheanta, Scoileanna Speisialta, agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

# Bearta forlíontacha breise chun infhaighteacht múinteoirí ionaid do bhunscoileanna aitheanta a mhéadú – scoilbhliain 2021/2022

Tá an nóta seo mar bhreis ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm agus a fógraíodh ar an 1 Samhain chun cuidiú le hinfhaighteacht bunmhúinteoirí ionaid a mhéadú.

Is mar thoradh ar theagmháil leanúnach idir an Roinn Oideachais agus na páirtithe leasmhara san oideachais maidir le ceisteanna a ardaíodh faoin deacracht a bhaineann le teacht ar mhúinteoirí ionaid do neamhláithreacht múinteoirí ag an am seo.

Cuireadh na socruithe breise sealadacha seo i bhfheidhm i gcomhthéacs COVID-19 chun cuidiú le hinfhaighteacht múinteoirí ionaid go dtí an briseadh lár téarma i mí Feabhra, nuair a dhéanfar athbhreithniú orthu.

## Múinteoirí faoi oiliúint

Mar thoradh ar theagmháil dhearfach leis na hInstitiúidí Ardoideachais a bhfuil cláir oideachais tosaigh múinteoirí á sholáthar acu, d’aontaigh siad éascaíocht a dhéanamh ar mhic léinn MGO agus B.Oid. bliain 3 agus 4 a scaoileadh chun tacú le scoileanna suas go deireadh an téarma.

D’aontaigh siad freisin roghanna solúbtha a iniúchadh maidir le riachtanas an mheasúnaithe do chláir i gcomhthéacs mic léinn a bheith ar fáil chun tacú le scoileanna.

Leanfaidh Páirtithe Leasmhara an Oideachais, lena n-áirítear an Roinn, na Coláistí IAO agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, ag obair i gcomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna praiticiúla agus lena chinntiú go mbeidh fáil go leanúnach ar mhúinteoirí faoi oiliúint chun tacú le scoileanna roimh agus tar éis na Nollag.

## Múinteoirí ar scor

I gcás múinteoirí ar scor a bheidh ag filleadh ar sheomraí ranga go dtí deireadh an téarma reatha seo, ní dheanfar a bpinsean a laghdú.

## Múinteoirí Cáilithe ar iasacht chuig Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Múinteoirí na Roinne

Tá iarrtha ar na seirbhísí tacaíochta um Oideachas Múinteoirí atá á maoiniú ag an Roinn múinteoirí atá ar iasacht a scaoileadh chun iad féin a chur ar fáil chun clúdach ionadaíochta a sholáthar i scoileanna.
Déanfar socruithe do mhúinteoirí atá ar fáil ó na seirbhísí seo clárú le Painéal Soláthair Bunscoile atá ann cheana nó ar Subseeker.ie.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a chur ar fionraí ag an mbunleibhéal nuair a theastaíonn múinteoir ionaid ina leith

Ba cheart gach CPD a bhfuil múinteoir ionaid ag teastáil ina leith a chur siar go dtí i ndiaidh bhriseadh lár téarma mhí Feabhra 2022. Tá an beart seo á dhéanamh ar bhonn eisceachtúil.

Tá sé i gceist an CPD seo a athsceidealú sa tréimhse i ndiaidh bhriseadh lár téarma mhí Feabhra. Ní chuirfidh fionraíocht shealadach an CPD as do chríochnú phróiseas Droichead do NQTanna a bhfuil a gcuid conarthaí chun teacht chun deiridh roimh an mbriseadh lár téarma i mí Feabhra.

## Painéil Soláthair:

Tá faomhadh tugtha anois do nach mór 480 post chun clúdach ionadaíochta a sholáthar do bhunscoileanna mar chuid de na Painéil um Soláthair Múinteoirí Ionaid do Bhunscoileanna.

I gcomhthéacs na saincheisteanna a bhaineann faoi láthair le soláthair ionadaíochta, go háirithe i gceantair áirithe, tá 200 post breise á gcur ar fáil, ag tabhairt an t-iomlán go 680, do cheantair atá ann cheana/nua ina bhfuil dúshláin shuntasacha go leanúnach maidir le teacht ar ionadaithe. Déanfar teagmháil leis na scoileanna bunaidh chun na poist seo a leithdháileadh ionas gur féidir leis na scoileanna bunaidh socruithe a dhéanamh chun baill foirne breise a earcú láithreach.

## Múinteoirí ar phainéil Soláthair a bhfuil Droichead á chur i gcrích acu:

Chun cuidiú le hearcú múinteoirí ar phainéil soláthair, agus i gcomhthéacs na paindéime, tá sé deimhnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta go bhféadfaidh múinteoirí a n-éiríonn leo poist a bhaint amach ar phainéil soláthair i mbliain acadúil 2021/2022 Droichead a chur i gcrích. Is beart eisceachtúil é seo atá faoi cheangal ama. Soláthróidh an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT) tuilleadh treorach maidir le ról na scoile bunaidh agus na scoileanna comhpháirtíochta sa phróiseas.

**_Treoraithe_ (múinteoirí comhoibritheacha roimhe seo) a óstálann múinteoirí faoi oiliúint ar shocrúchán scoile**

Aithnítear go bhfuil ról an-tábhachtach ag *Treoraithe* maidir le tacú le forbairt múinteoirí faoi oiliúint.

I gcúinsí eisceachtúla, nuair nach bhfuil aon mhúinteoir ionaid ar fáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chumas *Treoraí* múinteora atá cláraithe mar mhúinteoir faoi oiliúint clúdach mar mhúinteoir ionaid a sholáthar do neamhláithreacht an-ghearr ina scoil féin mura féidir teacht ar mhúinteoir ionaid eile ar gearrfhógra. Ba cheart go ndéanfaí é sin ar feadh tréimhse atá chomh gearr agus is féidir nó gur féidir múinteoir ionaid a earcú.

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta
23 Samhain 2021

…..